Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11249 — TOTALENERGIES / RNS HOLDING / RNS ENERJI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 282/08)

1. An 4 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— TotalEnergies Renewables SAS, fochuideachta atá faoi lánúinéireacht TotalEnergies SE ('TotalEnergies', an Fhrainc),

— Rönesans Yenilenebilir Enerji Yatırım Anonim Şirketi, fochuideachta atá faoi lánúinéireacht Rönesans Holding A.Ş. ('RNS Holding', an Tuirc),

— Rönesans Enerji Üretim ve Ticaret Anonim Şirketi ('RNS Enerji', an Tuirc).

Gheobhaidh TotalEnergies agus RNS Holding rialú comhpháirteach ar RNS Enerji de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá TotalEnergies gníomhach in earnáil an fhuinnimh, lena n-áirítear (i) sa tionscal réamhtheachtach agus iartheachtach ola agus gáis, agus (ii) i bhfuinneamh in-athnuaite, giniúint cumhachta agus gníomhaíochtaí atá neodrach ó thaobh carbóin de (éifeachtúlacht fuinnimh, úsáid agus stóráil carbóin, hidrigin agus réitigh nádúrtha),

— Tá RNS Holding gníomhach i dtógáil, eastát réadach, sláinte, fuinneamh agus peitriceimic,

— Tá RNS Enerji gníomhach i bhforbairt agus i ndíol gléasraí cumhachta leictreachais, táirgeadh agus díol leictreachais agus tógáil stáisiúin athluchtaithe sa Tuirc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.11249 — TOTALENERGIES / RNS HOLDING / RNS ENERJI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË